C/2025/633

27.1.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11831 – BNPP LCTIEF / MET 6 / ARKOLIA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/633)

1. An 17 Eanáir 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— BNP Paribas Asset Management Europe ('BNPP AM', an Fhrainc), cuideachta bainistíochta sócmhainní do chistí BNP Paribas Low Carbon Transition Infra Equity Fund I S.L.P ('BNPP LCTIEF', an Fhrainc), ar leis an nGrúpa BNP Paribas ('BNPP', an Fhrainc) í,

— Mirova Energy Transition 6 S.L.P. ('MET 6', an Fhrainc), cistí infheistíochta faoi bhainistíocht Mirova SA, ('Mirova', an Fhrainc), faoi rialú Natixis Investment Managers Participations I ('Natixis IMP I', an Fhrainc), fochuideachta Natixis S.A. ('Natixis', an Fhrainc), atá i seilbh dheiridh BCPE, SA ('BCPE', an Fhrainc), agus

— Arkolia Energies SAS ('Arkolia', an Fhrainc).

Gheobhaidh BNPP AM agus MET 6 rialú comhpháirteach ar Arkolia de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán maidir le comhchruinnithe.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Cuireann BNPP AM réitigh infheistíochta ar fáil do choigilteoirí aonair, do chuideachtaí agus d'infheisteoirí institiúideacha, agus trí BNPP LCTIEF infheistíonn sé i dtionscadail bonneagair ísealcharbóin in earnálacha éagsúla, go háirithe in earnálacha a bhaineann leis an aistriú fuinnimh, amhail tionscadail fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt, modhanna iompair a dhícharbónú, nó an geilleagar ciorclach agus gabháil carbóin chomh maith. Is le BNPP, grúpa baincéireachta Francach, BNPP AM agus BNPP LCTIEF,

— Is ciste infheistíochta é Met 6 atá faoi bhainistíocht Mirova, atá á rialú ag Natixis, agus speisialtóireacht aige in infheistíochtaí freagracha, lena n-áirítear réitigh forbartha inbhuanaithe sna réimsí - soghluaisteacht, fuinneamh, foirgnimh agus cathracha, tomhaltas, acmhainní, sláinte, teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide agus airgeadas.

3. Forbairt, suiteáil agus bainistiú córas fótavoltach, cumhachta gaoithe agus aonad meatánaithe, chomh maith le stáisiúin luchtaithe d'fheithiclí leictreacha is ea gníomhaíochtaí an ghnóthais Arkolia.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, agus gan dochar dá chinneadh críochnaitheach maidir leis sin, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin maidir le comhchruinnithe.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 ('an Rialachán maidir le comhchruinnithe').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11831 – BNPP LCTIEF / MET 6 / ARKOLIA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

Commission européenne
Direction générale de la concurrence
Greffe des concentrations
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË